Dúthaigh deoradh magh Maine

[McKenna, L.:*Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 11]

Tadhg Óg Ó hUiginn cct.

1 Dúthaigh deoradh magh Maine
magh ar nach deoradh duine;
díleas inn fa fhiadh Maine,
ar n-aire ar thriall inn uile.

2 Inghean Éadaoine a hEamhain
ar n-éagcaoine do airigh,
rug sin ón uair ro b'infhir
buaidh an chinidh mhir Mhainigh.

3 Ó tá sinn uirre d'fhiadhnaib
re linn mná an bhruinne bháinghil
[do bhronnadh] sí [an] leig lóghmhair
go leig Órlaidh í ar áirghibh.

4 Do-chuaidh thar mnáibh Ó Maine
ar dháil a bhfuair 's a bhfuighe;
géabhaidh hé 'n-a dhá oire
déanaimh toile Dé is duine.

5 M'éara ní headh do-ríne
ná do-ghéana bean Bhúille;
ní fearr í um chrodh a céile
a ní féine ag dol dúinne.

6 Bheith fial is dréim re diadhacht
dá mhian i gcéibh na gclaonalt;
ní éar sí fhear tre ábhacht
ní bhean dánacht dí a daonnacht.

7 Finnbhean ó bheannaibh Béirre,
inghean hÍ Cheallaigh Chláire
ní chaith fhleidh d'éis na haoine
go mbeir saoire ar géis Gháille.

8 Toghaidh Dia hí ar a hairrdhibh,
ní bhia 's ní bhí le bhiodhbhaidh;
tuairthir lé le seacht salmaibh
teacht d'fhoghlaidh Dé fa dhiomdhaidh.

9 Nach cóir fala dhí a-déara
ós cara dhí gach daonna;

nochar léig riamh a rádha
go mbiadh námha ag géig Gaola.

10 Ainnear fhionn ó fhiadh Luaraidh
gan ’n-a cionn acht cion Ádhaimh;
do bhuain uaille dhí a daoinibh
maoidhidh sí chruaidhe a crábhaidh.

11 A-déar ria rádh nach foráil
“do ghrádh nocha bia ar bhanfháidh;
gé a-taoi ag réir gach fhir d’onáir
ronáir libh féin a fagháil.”

12 Tearc do aomh trian a dtiobhra,
a chraobh fhial ó fheart Meadhbha;
do riaradh libh lá Samhna
mná na Banbha i dtigh Theamhra.

13 Gairm ar shíol Ceallaigh chuirfe
fíon i mbeannaibh do-bheirthe
an fhleadh i gcionn a caithmhe
mar chaithfe, a bhean fhionn Eithne.

14 Tú slán ó aoir dar n-éisne,
gach dámh is daoibh as dílse;
ní thaidhle acht modh mná huaisle;
gan chrodh uaibhse a-tá an tírse.

15 Maith dháib is duit a ndingne,
ar dáimh do thuit a tharbha;
leig sin ar son a dtiobhra
iomdha sgol libh ag labhra.

16 Táinig ón chriaidh do chomha,
biaidh an talamh gud thagha;
tolcha corra cnuic meadha
cheana dhuit orra is ana.

17 Meisde th’fholt cam a chlaoine
gan locht ann acht an fhéire;
rug ód bhais léim thar líne
síne an gcéibh gcais re chéile.

18 Ní bhia gan bheith gá thuilleamh
do bhreith le Dia ’n-a dhaingean;
a mhian do uair it fharrudh
annamh triall uaibh don aingeal.

19 Do-chuaidh aingeal let anuain,

a ainnear ó Mhuaidh mhiodhuair;
ní fhuighe an corp uaibh onáir
uair do fhoráil ort fhiodhuaill.

20 Mór i dtigh meadhair Maineach
sibh ar fleadhaibh gá bhfuireach;
go dtráigh sibh an sreith ndabhach
ramhach libh ar mbeith buidheach.

21 Cinneise ar chrú na gColladh,
tú dá innise is annamh;
ní id thoct a-taoi gá thuilleamh
tuilleadh gach laoi ort d'alladh.

22 Slat gheal do fhréim na ríghe
a réir is eadh as áille
na mná do fheith an óighe,
ar cleith mBóinne a-tá a dtáille.

23 Gnúis náir do iongaibh fhilidh
biodhgaidh re gach ndáimh ndoiligh;
ní bhí mian ag mac Mainigh
nach airigh slat fhial Oiligh.

24 Neamh 'n-a cionn críoch a dála
an bhean ó Shíoth fhionn Aodha;
fearr mar théid sí 'n-a séana
na trí déara ó ghéig Gaola.

25 A-tá riamh fós ar foghnamh
a nós do-chiam gur ceannghadh;
ní uair sí acht séad dá dtibhreadh
ní as a ndingneadh méad meanman.

26 Inghean Muircheartaigh Muaidhe
dá ndruimcheapthair ar ndáinne.
le hitghibh d'éis a chéile
tiltir Éire ó ghéis Gáille.

27 Sléachtaidh is í fá ultaibh
ní dá céadfaidh go gceiltir;
go gcuir grádh Dé 'n-a daltaibh
clár ar shaltair lé leigthir.

28 Domhan re ndiall ar gcroidhe
gan torudh riamh rí raibhe
garrdha . . . . . . . .
. . . . . . . . . . . .

29 Géag a síoth arsaidh Fheimhin
gan chasmhail críoch a cinidh;
ag réir a mbí ’n-a bruighin
suidhidh sí féin ’s a filidh.

30 Ní modh lé a maith do mhaoidheamh,
ar chaith ní lé do luaidheadh,
dámadh slighe hí d’uabhar
uamhan dí gile a gruaidheadh.

31 Bean re cobhair na gcoinneamh,
teagh fa a gcomhair do cumadh;
teagh Dé do uair ón aingeal
ainnear Cé an uair bhus ullamh.

32 Géis Breagh ar mbuain re céile
- dar n-uaim is eadh do-róine -
tugadh dhí teann an tíre;
ríghe do mheall í a hóige.

33 Ní théid éantroigh i n-uabhar,
dá céadfaidh ní léig líonadh,
an fíon ag guin a gruaidheadh
truailleadh d’fhuil ríogh is ríoghan.

34 Dar mbreith ní bhia dá mhíothoil
re beith ag Dia do dhlúthaigh
guidhe Dé re thrí tráthaibh
do tháthaigh sé dhí an dúthaigh.  Dúthaigh.